Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh

Polasaí Iontrála 2010

Leag Bord Bainistíochta Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh an polasaí seo amach de réir cumhachta an Acht Oideachais 1998.

Beidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta agus an Príomhoide sásta aon cheist a eascraíonn ón bpolasaí a shoiléiriú. Is féidir teangbháil a dhéanamh leo beirt ag an seoladh thuas.

Scoil ingearach, chomhoideachasúil Chaitliceach í Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh atá faoi phátrúnacht Ard-Easpaig Bhaile Átha Cliath.

18 oide atá ann ar fad, 14 oide gnáthranga, 3 Oide Tacaíochta Foghlama/Acmhainne, 1 oide acmhainne páirt-aimsireach agus Príomhoide Riaracháin. Maoiníonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an scoil agus ní mór don pholasaí na hacmhainní agus an maoiniú atá ar fáil a thógáil san áireamh.

Leantar na cláracha curaclam mar atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Cuirtear fáilte i Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh roimh gach leanbh, cuma cén cúlra teanga, sóisialta agus reiligiúin atá acu, cuma cén náisiúnacht iad nó cén míchumas foghlama nó fisiciúil atá orthu. Bunaíodh an scoil chun freastal ar thuismitheoirí sa cheantar ar mian leo go dtabharfaí oideachas trí mhéan na Gaeilge dá gcuid páistí. Agus áiteanna sa scoil á dtabhairt, mar sin, tugtar túsáite do pháistí atá á dtógáil trí Ghaeilge nó a bhfuil cúlra Gaeilge acu.

Cé go n-aithnítear cearta thuismitheoirí a bpáiste a chlárú ina rogha scoil, ní mór do Bhord Bainistíochta Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh cearta phobail iomlán na scoile, agus go háirithe cearta na ndaltaí atá cláraithe cheana féin a aithint. Éilíonn sé seo breith chóir, chothrom faoi réir ag prionsabail an dlí nádúrtha ag cur leas na bpáistí ar fad san áireamh. Ag tacú leis an scoil i gcúinsí den chineál seo, tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta uaslíon na ndaltaí in aon rang áirid a leagan síos.

Iarrtar ar thuismitheoirí geallúint a shíniú go dtacóidh siad leis an scoil Riail na Gaeilge agus an cód smactha a chur i bhfeidhm.

Modh Iarratais

- Ní mór do pháistí a bheith ceithre bliana d'aois roimh an 1ú Méan Fómhair den bhliain a bhfuil siad le tosú.
- Ba chóir foirm iarratais (F1), atá ar fáil ón scoil, a chomhlánú agus a chasadh ar ais **roimh 31ú Nollaig** den bhliain **sula** bhfuil an páiste le teacht ar scoil.
- Glactar le hiarratais idir 1ú Meán Fómhair agus 31ú Nollaig na bliana sula bhfuil an páiste le tosú ar scoil.
- **Ní hionann comhlánú agus casadh ar ais an fhoim iarratais agus dearbhú go mbeidh áit ar fáil sa scoil.**
- Seoltar litir abhaile ag admháil na foirme iarratais ag dearbhú go bhfuil an páiste ar liosta na n-iarrathóirí don bhliain chuí agus ag rá go mbeidh an scoil i dteangbháil leo i Mí Eanáir na bliana go bhfuil an páiste le tosú ar scoil [L1]. Cinnfidh an Bord Bainistíochta líon na ndaltaí a chlárófar i Rang na Naíonán Shóisir gach bliain.
- Déantar na hiarratais a phróiseáil i Mí Eanáir. Is é seo a leanas an t-ord tosaíochta:
  1. Páistí atá á dtógáil le Gaeilge.
  2. Deartháireacha/deirfiúracha dhaltaí/iar-dhaltaí
  3. Clann iar-dhaltaí
  4. Clann mhúinteoirí atá ar an bhfoireann reatha
  5. Páistí a d'fhreastal/atá ag freastal ar Naíonra
  6. Dáta Breithe
  7. Gaireacht don scoil
  8. Páistí a theip orthu áit a fháil sa scoil an bhliain riomhe sin

- Seoltar litir ag tairiscint áite d'iarrathóirí i mí Eanáir na bliana go bhfuil an páiste le tosú ar scoil [L2]. Ba chóir an fhoirm ghlactha/dhiúltaithe atá ceangailte den litir a sheoladh ar ais maraon le Teastas Breithe (agus Teastas Baiste má tá an páiste chun na sacraimintí a ghlacadh) roimh an dáta luaite ar an bhfoirm. Glacfar leis nach bhfuiltear ag glacadh na háite muna gcuirtear a mhalairt in iúl don scoil roimh an dáta luaite ar an bhfoirm.
- Nuair atá iomlán na náiteanna tairgthe, cuirtear in iúl don chuid eile de na tuismitheoirí go bhfuil a bpáiste ar liosta iarrthóirí agus go bhfuil cead achomharc acu faoi Roinn 29 den Acht Oideachais.[L3].
- Tairgítear folúntais a éiríonn as diúlaithe do pháistí atá fós ar an liosta iarrthóirí, de réir an oird tosaíochta thuas le dáta nua glactha/diúltaithe [L2].
- Eagraítear Oíche Eolais do thuismitheoirí nua go bliantúil i Mí Aibreáin.

Modh Acomhairc ar dhiúltiú Chláraithe

Muna n-éiríonn le hiarrthóir áit a fháil, is féidir le tuismitheoirí /caomhnóirí achomharc a lorg taobh istigh de sé seachtainí (42 lá féilire) ón dáta a cuireadh an cinneadh sin in iúl dóibh, faoi Roinn 29 den Acht Oideachais.

Trí chéim atá sa phróiséas seo:

1. Ba chóir do na tuismitheoirí/caomhnóirí iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach go logánta. Mar sin, ba chóir do thuismitheoirí nár éirigh leo áit a fháil sa scoil a gcás a chur i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta gan mhoill**.**
2. má theipeann ar chéim 1 thuas, d'fhéadfadh an Coiste Achomharc éascaitheoir a cheapadh a dhéanfaidh iarracht teacht ar réiteach idir na páirtithe.
3. Má theipeann ar chéim 2 thuas, cuirfear acomhairc ar aghaidh chuig Coiste Achomharc. Éistfear an achomharc de ghnáth taobh istigh de 30 lá ón lá ar seachadadh an achomharc do Rúnaí Ginearálta na Roinne Oideachais. Ní mór achomharc a dhéanamh ar Fhoirm Achomharc Roinn 29 atá ar fáil ó Aonad Riarachán na nAchomharc, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Br Bhaile Mhathún, Áth Luain, Co. Na hIarmhí.

Clárú i Rang seachas Rang na Naíonán Shóisir

Clárófar páistí i ranganna seachas Naíonán Shóisir, fad is go bhfuil áit sa rang cuí agus go bhfuil Gaeilge ón mbaile ag an bpáiste nó gur ó Ghaelscoil ata sé/sí ag aistriú.. Munar as Gaelscoil atá an páiste ag aistriú, cuirfidh an príomhoide agus an oide ranga agallaimh air/uirthi leis le cinntiú gur chun leasa gach páirtí iontráil an pháiste. (F2)

Páistí le míchumas nó riachtanas speisialta oideachasúil

Cuirtear iarratas ar áit sa scoil do pháistí le míchumas nó páistí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu ar an bhfoirm iarratais chaighdeánach [F1/F2]. **Caithfear** miontuairisc ar mhíchumas/riachtanais speisialta an pháiste maraon le tuairisc leighis, measúnaithe agus/nó measúnú siceolaíoch a cheangail leis an iarratas. Sa chás nach bhfuil a leithéid de thuairisc/mheasúnú ar fáil, d'fhéadfadh an Bord Bainistíochta a iarraidh go ndéanfaí measúnú ar an bpáiste. *Le go mbeidh dóthain ama ann chun riachtanais an pháiste a mheas agus acmhainní a lorg, caithfear iarratas ar áit do pháiste le míchumas nó riachtanas speisialta oideachasúla a dhéanamh roimh 31ú Nollaig na bliana sula bhfuil an páiste le tosú ar scoil nó sé mhí roimh dháta tosaithe i gcás aistrithe ó scoil eile.* ***Ní gá go dtairgofaí áit don pháiste go dtí go soláthraítear na tuairiscí/measúnaithe.***

Sínithe ar son Bhoird Bainistíochta Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh:

_____ ***(Cathaoirleach)***

Dáta: _____

Déanfar an polasaí seo a athbhreithniú de réir mar a bhíonn gá .